Lucsamburg, 18.04.2023

TAG.:	**CDT-AD6-2023-04 — Bainisteoir Seachadta Seirbhíse**
GRÁD:	**AD6**
ROINN:	**An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise**
ÁIT FOSTAÍOCHTA:	**Lucsamburg**

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (an tIonad Aistriúcháin) sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na Roinne Teicneolaíochta Faisnéise — Rannóg an Bhonneagair TF, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta ionadaithe a bhunú[1] chun gníomhaire sealadach a earcú[2] mar ghníomhaire atá freagrach as seirbhísí bonneagair TF a chur ar fáil.

Tá timpeallacht TF an Ionaid Aistriúcháin bunaithe den chuid is mó ar réitigh Microsoft ar leibhéal an bhonneagair (freastalaithe Windows, Sharepoint, Teams, Exchange Online, SCCM, SCSM, Orchestrator) agus ar leibhéal na dtimpeallachtaí forbartha agus na dteangacha a úsáidtear le haghaidh réitigh inmheánacha.

Tá na timpeallachtaí bunachar sonraí (Oracle den chuid is mó) agus ríomhfhoghlama á n-óstáil ar Linux.

Tá na hardáin seo fíorúlaithe ar VMWare nó óstáiltear ar fhreastalaithe fisiciúla iad. Tá tús curtha ag an Ionad le seirbhísí nua a chur ar fáil ar néal-timpeallachtaí Azure agus AWS.

Tá an bonneagar líonra bunaithe ar theicneolaíochtaí Cisco agus HPE le haghaidh ródaithe agus lasctha, chomh maith le réitigh shlándála Líonraí F5 agus PaloAlto.

[1] Féadfar an liosta ionadaithe céanna a úsáid chun gníomhairí sealadacha dá dtagraítear in Airteagal 2 (b) agus baill foirne ar conradh a earcú faoi Airteagal 3(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a earcú. Féadfar an liosta ionadaithe a roinnt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais freisin, más gá sin de réir riachtanais na seirbhíse.
Féadfaidh[2] baill foirne inmheánacha atá fostaithe mar ghníomhairí sealadacha faoi Airteagal 2(f) de CFSE (grúpa feidhme AD) iarratas a dhéanamh ar bhonn an fhoilseacháin seo, agus measfar gur foilseachán inmheánach é.

CINEÁL NA gCÚRAIMÍ

a) Cúnamh don bhainisteoir líne:

- cuidiú le ceann na Rannóige Bonneagair Teicneolaíochta Faisnéise an tseirbhís a bhainistiú ó lá go lá; doiciméid riaracháin agus theicniúla a thabhairt cothrom le dáta agus rannchuidiú le dea-thimpeallacht oibre agus le dea-mhuinín, d'fhonn feabhas leanúnach ar chaighdeán fheidhmiú na seirbhíse a chur chun cinn.
- ról cúltaca Cheann na Rannóige Bonneagair Teicneolaíochta Faisnéise a chinntiú

b) Gníomhaíochtaí bainistíochta agus faireacháin:

- Timpeallachtaí agus seirbhísí a sheachadadh:
    - Iarratais a fháil agus staidéar a dhéanamh orthu chun timpeallachtaí agus seirbhísí bonneagair TF a bhunú
    - Liosta réamhriachtanas a bhunú, measúnachtaí tionchair agus comhoiriúnachta a dhéanamh.
    - Pleananna imlonnaithe a bhunú, maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme
    - Comhordú a dhéanamh ar na hoibríochtaí atá le déanamh ag foirne na rannóige
    - Leibhéal slándála na seachadtaí a ráthú
    - Comhréireacht na dtimpeallachtaí agus na seirbhísí atá le seachadadh le hiarrataí ó chustaiméirí a bhailíochtú (rannóga eile na roinne TF, aonaid ghnó an Ionaid)

- Páirt a ghlacadh i roghnú na dtáirgí:
    - Le linn an staidéir chun táirge nua a roghnú, le suiteáil áitiúil nó le néal-suiteáil:
        - Liosta réamhriachtanas a bhunú, measúnachtaí tionchair a dhéanamh, seiceáil a dhéanamh ar leibhéal féideartha chomhtháthú an táirge san ailtireacht atá ann cheana
        - Pleanáil cumais a bhunú
        - Féachaint ar shlándáil an réitigh chun tuairim a eisiúint maidir lena shlándáil i dtéarmaí rúndachta agus sláine, infhaighteachta (gnéithe BCP) agus an chumais atá ann é a chomhtháthú sna córais atá ann cheana agus le srianta slándála an Lárionaid.

- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-athruithe:
    - Ról an Bhainisteora Athraithe TF a chomhlíonadh
    - Iarratais ar athruithe a bhainistiú, rioscaí a mheas, tosaíochtaí a bhainistiú, imscaradh a phleanáil
    - Comhordú a dhéanamh ar athruithe arna dtionscnamh ag na rannóga/ag na ranna éagsúla

- Doiciméadacht agus oiliúint: doiciméadacht theicniúil, ceistneoirí meastóireachta, staidéir theicniúla agus tuarascálacha molta, pleananna imlonnaithe agus lámhleabhair shuiteála a fhorbairt. Seisiúin múscailte feasachta a chur ar fáil maidir le timpeallacht TF an Ionaid Aistriúcháin agus slándáil TF.

…/…

A. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir na ceanglais a leanas a chomhlíonadh faoin ~~16.05.2023~~ 31.05.2023, an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

(1) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

- A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
- Cáilíochtaí: leibhéal oideachais arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma a bheith acu[3];
- Taithí oibre: ó bhain siad na cáilíochtaí thuasluaite amach, ní mór taithí oibre lánaimseartha 3 bliana ar a laghad a bheith ag iarrthóirí a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu thuas;
- Eolas ar theangacha: eolas críochnúil ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh (leibhéal C1) ar a laghad agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais, a mhéid is gá chun a chuid dualgas a chomhlíonadh (leibhéal B2) ar a laghad[4].

(2) SCILEANNA TEICNIÚLA RIACHTANACHA

- Eolas ar sheirbhísí bonneagair TF;
- Eolas ar thimpeallachtaí freastalaithe Windows agus ar uirlisí riaracháin;
- Eolas maith ar PowerShell;
- Eolas ar shlándáil TF;
- Deimhniú ITIL;
- Taithí dhomhain ar dhoiciméid theicniúla agus ar dhoiciméid úsáideoirí a dhréachtú;
- Eolas ar an bhFraincis nó ar an mBéarla [leibhéal B2].

(3) SCILEANNA TEICNIÚLA INMHIANAITHE

- Eolas ar theicneolaíochtaí LAN;
- Eolas ar réitigh Cloud Azure;
- Taithí ar athrú agus seachadadh seirbhísí a bhainistiú.

(4) SCILEANNA NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA

- Scileanna cumarsáide: an cumas a bheih ag obair mar bhall d'fhoireann, scileanna idirphearsanta, an cumas oibriú i dtimpeallacht ilteangach, dea-scileanna dréachtaithe, an cumas chun cruinnithe a dhearadh agus a chur ar bhonn foirmiúil, an cumas cruinnithe a eagrú.
- Braistint freagrachta: ard-déine, discréid, meas ar rúndacht, infhaighteacht, toilteanas cuspóirí a bhaint amach laistigh de na tosaíochtaí agus na spriocdhátaí atá sainithe.

[3] Ní chuirfear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a eisítear i mBallstáit AE nó a bhfuil deimhniú coibhéise comhfhreagrach acu arna n-eisiúint ag na húdaráis sna Stáit sin.
[4] Sainítear na leibhéil sin i gcomhréir le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR).

- Cumais eagrúcháin: an cumas measúnú a dhéanamh ar thábhacht na dtascanna éagsúla/na n-iarratas éagsúil agus tosaíochtaí a leagan síos; meon anailíseach; cur chuige modheolaíoch; solúbthacht;
- Cumas bainistíochta: an cumas chun gníomhaíochtaí iomadúla a chomhordú laistigh d'fhoireann.
- Inoiriúnaitheacht: a bheith leathanaigeanta; an cumas oibriú faoi bhrú; an toilteanas tascanna nua a ghlacadh; an toilteanas forbairt.

Déanfar na scileanna sin a mheasúnú sa triail scríofa agus san agallamh [féach pointe B (2) (i) agus (ii) thíos].

B. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

(1) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN

Déanfar an chéim réamhroghnúcháin ina dá chuid:

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta thuasluaite [pointe A (1)] agus is é an aidhm atá léi a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta riachtanacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na riachtanais ná na critéir sin.

- Cuirfear taithí ghairmiúil agus bunscileanna teicniúla (pointe A (2)) san áireamh sa dara céim. Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an coiste roghnúcháin cuireadh chun na céime roghnúcháin do na 15 iarrthóir ar éirigh leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthaigh na marcanna is airde.

(2) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN

Déanfar an chéim roghnúcháin ina dá chuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla) ina mbeidh na nithe seo a leanas:
- Triail ceisteanna ilroghnacha chun measúnú a dhéanamh ar scileanna na n-iarratasóirí sna réimsí atá luaite i bpointe A (2) agus i bpointe A (3).
  An t-am a cheadaítear: 30 nóiméad
- Cás-staidéar chun measúnú a dhéanamh ar scileanna scríbhneoireachta, scileanna anailíseacha agus eolas na n-iarrthóirí ar na réimsí i bpointe A (2) agus i bpointe A (3).
  An t-am a cheadaítear: 1 uair 30 nóiméad

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc: Bronnfar 8 bpointe as an triail ceisteanna ilroghnacha agus bronnfar 12 phointe as an gcás-staidéar. Is é 12 phointe pasmharc na trialach scríofa.

Tabhair do d'aire nach mór d'iarrthóirí arb é Béarla a bpríomhtheanga an scrúdú scríofa a dhéanamh sa dara teanga acu.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an iarratasóra na cúraimí atá sonraithe thuas a chur i gcrích. Ina theannta sin, déanfar measúnú san agallamh ar shaineolas agus scileanna na n-iarratasóirí sna réimsí a luaitear i bpointe A (2), pointe A (3) agus pointe A (4).

…/…

Tabhair do d'aire nach dtabharfar cuireadh chun agallaimh ach d'iarrthóirí a ghnóthaigh an pasmharc sa triail scríofa.
Is i mBéarla a dhéanfar an chuid is mó den agallamh. Is féidir go ndéanfar an t-eolas ar na teangacha eile a luaigh na hiarrthóirí a thástáil freisin.
Mairfidh an t-agallamh thart ar 40 nóiméad agus marcálfar é as 20 (pasmharc: 12).

Is i Lucsamburg nó go cianda a dhéanfar an triail scríofa agus an t-agallamh.

Gheobhaidh iarratasóirí a dtugtar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh an fhaisnéis ábhartha go léir in am trátha.

A luaithe is atá an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnúcháin liosta ionadaithe a chuimseoidh na hiarratasóirí rathúla in ord aibítre. Is iad na hiarrthóirí a n-éireoidh leo na hiarrthóirí a ghnóthaigh pasmharc na trialach scríofa agus pasmharc an agallaimh (féach B (2) (i) agus B (2) (ii)). Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann cur san áireamh ar liosta ionadaithe agus ráthaíocht earcaíochta.

Ní mór do na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh, ar lá an agallaimh, na doiciméid tacaíochta ábhartha a chur isteach a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a tugadh san fhoirm iarratais, i.e. cruthúnas náisiúntachta, cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid eile lena bhfianaítear a gcáilíochtaí agus a dtaithí ghairmiúil, ina léirítear go soiléir dátaí tosaigh agus deiridh, an post a bhí acu, cineál beacht a gcuid dualgas, etc. Má bhíonn na trialacha ar siúl go cianda, féadfaidh na hiarrthóirí cóip de na doiciméid tacaíochta thuasluaite a sheoladh trí ríomhphost chuig an seoladh E-Selection@cdt.europa.eu

Sula dtiomsóidh an coiste roghnúcháin an painéal, scrúdóidh sé doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí ar éirigh leo san agallamh agus sa triail scríofa.

Ina theannta sin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear critéir incháilitheachta a chur ar fáil.

Más rud é, tráth ar bith le linn an phróisis roghnúcháin nó earcaíochta, go bhfaightear amach gur falsaíodh go feasach an fhaisnéis a soláthraíodh in iarratas, dícháileofar an t-iarrthóir.

Dícháileofar iarrthóirí freisin más rud é:

- nach gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta go léir faoin dáta deiridh le haghaidh iarratas;
- gan na doiciméid tacaíochta riachtanacha a chur ar fáil.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 31.12.2023 agus féadfar é a fhadú de rogha údarás an Ionaid Aistriúcháin atá údaraithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

C. EARCAÍOCHT

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint don iarratasóir rathúil de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfadh ceanglas a chur ar an iarratasóir roghnaithe iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Earcófar na hiarrthóirí roghnaithe chuig feidhmghrúpa/grád AD6. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád AD6 (céim 1) agus 6 066.59 EUR. I dteannta an bhuntuarastail, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntais éagsúla a fháil, amhail liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal), etc.

Ina theannta sin, le bheith incháilithe, agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi leis an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;

- na riachtanais charachtair le haghaidh na gcúraimí atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)[5];
- dul faoi scrúdú leighis mar a iarrann an tIonad Aistriúcháin de réir Airteagal 12(2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

D. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS

Ní mór d'iarrthóirí a bhfuil spéis acu ann an fhoirm iarratais ar líne a líonadh isteach (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) in Systal faoin sprioc-am.

Moltar go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. Tarlaíonn sé in amanna gur rólódáilte atá an córas sna laethanta roimh an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann iarratas a dhéanamh faoin spriocdháta.

Ní mór d'iarrthóirí a bpríomhtheanga agus a dara teanga a lua ina n-iarratas. Cuirfear an léiriú sin san áireamh chun teanga na trialach scríofa a chinneadh.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus earcaíonn sé iarratasóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta ná staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Ceanglófar ar an sealbhóir poist dearbhú a thabhairt ar an tiomantas atá aige/aici do ghníomhú go neamhspleách le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leasanna atá aige/aici a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

E. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí atá den tuairim go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnóireachta tuilleadh sonraí a thabhairt dó/di faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach Iarscríbhinn I).

IARRATAIS Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarratais den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin laistigh de mhí amháin ó cuireadh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin faoi na Rialacháin Foirne.

[5] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áirithíonn an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta na n-iarratasóirí a phróiseáil go hiomlán de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295 an 21.11.2018, lch. 39). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí tráth ar bith (edps@edps.europa.eu).

Féach le do thoil an fógra príobháideachta sonrach.

IARSCRÍBHINN 1 IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair faoi deara go bhfuil na himeachtaí uile faoi rún. Má chreideann iarratasóirí, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, go ndearnadh dochar dá leasanna le cinneadh áirithe, tá na bearta a leanas ar fáil dóibh:

I. IARRATAÍ AR FHAISNÉIS BHREISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a sheoladh chuig:

  Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta CDT-AD6-2023-04
  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich
  Bureau 3077
  12 E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Luxembourg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir ina gcuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Gearán a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas de réir Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh:

  Faoi bhráid: An tÚdarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích
  CDT-AD6-2023-04
  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich
  Bureau 3077
  12 E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Luxembourg

Maidir leis an dá chineál nós imeachta seo, na spriocdhátaí a shonraítear sna Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán na Comhairle (CE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2013 L 287, lch. 15 – https://eur-lex.europa.eu/legal-content/fr/TXT/?uri=celex%3A32013R1023), tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích aon chinneadh ón gCoiste Roghnóireachta a leasú. Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go seasmhach den tuairim nach bhfuil rogha leathan na gCoistí Roghnúcháin faoi réir athbhreithnithe ag an gCúirt, ach amháin sa chás gur sáraíodh go soiléir na rialacha lena rialaítear imeachtaí na gCoistí Roghnúcháin.

GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

  An tOmbudsman Eorpach
  1 avenue du Président-Robert-Schuman – CS 30403
  F-67001 Strasbourg Cedex

  i gcomhréir le hAirteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CECA, CE, Euratom (IO L 253, 16.7.2021, lch. 1-10).

…/…

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tarraingítear aird na n-iarrthóirí freisin ar an bhfíoras, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CECA, CE, Euratom, nach mór go mbeadh cur chuige riaracháin iomchuí ann i leith na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí lena mbaineann roimh aon ghearán a dhéantar leis an Ombudsman.